Sparánachtaí Taighde

Cén t-ábhar taighde a bhfuil suim ag COGG ann?
Bíonn téama bliantúil ag baint leis an taighde ach cuirtear fáilte roimh aon taighde eile a bhaineann le feidhmeanna reachtúla COGG. Féach www.cogg.ie

Cé mhéad sparánacht a bhíonn ar fáil?
Braitheann sin ar bhuiséad COGG agus ar chaighdeán na n-iarratas.

Cé dó sparánacht(aí) COGG?
Taighdeoirí atá ag tosú ar dhochtúireachtaí nó taighdeoirí atá ag obair ar thaighde ag leibhéal na hiardhochtúireachta. Ní mhaoiníonn COGG taighde Máistreachta.

Cé mhéad airgid atá i gceist le sparánacht(aí) COGG?
Braitheann sin ar an méid airgid a iarrtar – ó chostas taistil go táillí ollscoile go maoiniú tionscadal taighde.

Conas a chuirtear isteach ar sparánacht COGG?
Fógraítear an scéim sparánachtaí i mí Feabhra.
Bíonn na sonraí uile agus foirm iarratais ar fáil le híoslódáil nuair a fhógraítear na sparánachtaí.

Conas a dhéantar measúnú ar na hiarratais?
Ar dháta áirithe i ndiaidh dháta deiridh na n-iarratas cuireann COGG na hiarratais chuig painéal neamhspleách chun iad a mheasúnú. Baineann an painéal úsáid as critéir a bhíonn ar fáil.
Tagann an painéal le chéile lena gcuid moltaí a phlé agus teacht ar chomhaontú maidir leis an duine/na daoine a gheobhaidh sparánacht(aí).

Cuirtear na hiarratais agus moladh/moltaí an phainéil faoi bhráid Fhochoiste Polasaí agus Pleanála COGG agus cuirtear moladh/ moltaí ar aghaidh chuig bord COGG leis an gcinneadh deiridh a fhaomhadh. **Ní bhíonn aon dul thar chinneadh an bhoird.**

Research Bursary

In which areas of research is COGG interested?
Each year a research theme is suggested but other research relating to COGG's statutory functions is welcome. See www.cogg.ie

How many bursaries will there be?
That depends on COGG's budget and on the standard of the applications.

For whom are COGG's bursaries?
For researchers beginning doctorates or for researchers who are working on research at post doctorate level. COGG does not fund MA research.

What is the financial value of COGG bursaries?
That depends on the amount of money that is requested – from travelling costs to research fees to the funding of a research project.

How to apply for a COGG Bursary.
The bursary scheme is advertised in February. All details and the application form can then be downloaded from www.cogg.ie

How are the applications assessed?
On a certain date after the closing date for applications COGG sends the applications to an independent panel of assessors. The panel uses the criteria which are made available to applicants. The panel convenes to discuss their proposals and come to an agreement as to the person or people who will get bursaries.

The applications and the panel's proposals will be discussed by COGG's Policy and Planning subcommittee and the subcommittee's recommendation is put before COGG's board for sanction.

The board's decision is final.